



Uimhir 35 de 2015

AN tACHT UM PÓSADH, 2015

[An tiontú oifigiúil]

CLÁR AN ÁBHAIR

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal agus tosach feidhme
2. Míithe
3. Caiteachais

CUID 2

BAIC AR PHÓSADH

4. Leasú ar alt 2(2) d'Acht 2004
5. Céimeanna gaoil toirmisce
6. Ní bheidh aon bhac ar phósadh i gcás páirtnéireacht shibhialta mharthanach a bheith ann le chéile

CUID 3

COMHLACHTAÍ CREIDIMH

7. Comhlachtaí creidimh

CUID 4

PÁIRTNÉIREACHT SHIBHIALTA

8. Aisghairm forálacha áirithe d'Acht 2004 a bhaineann le páirtnéireacht shibhialta
9. Leasú ar alt 46(1) d'Acht 2004
10. Scaoileadh agus idirthréimhseach

[Uimh. 35.]

An tAcht um Pósadh, 2015.

[2015.]

11. Páirtnéireacht sibhialta a scaoileadh ar phósadh

CUID 5

CAIDRIMH CHOIGRÍCHE ÁIRITHE A AITHINT

12. Póstaí coigríche áirithe a aithint
13. Caidrimh choigríche chláráithe áirithe

CUID 6

LEASUITHE IARMHARTACHA

14. Leasú ar alt 77(2) den Acht Cóireála Meabhair-Ghalar, 1945
15. Leasú ar an Acht um Stádas Ban Pósta, 1957
16. Leasú ar an Acht um Chaomhnóireacht Naíon, 1964
17. Leasú ar alt 85 den Acht Comharbais, 1965
18. Leasú ar an gCéad Sceideal a ghabhann leis an Acht Féimheachta, 1988
19. Leasú ar alt 8(2) den Acht um Idirscaradh Breithiúnach agus Athchóiriú an Dlí Teaghlaigh, 1989
20. Leasú ar alt 25 den Acht um Fhianaise Choiriúil, 1992
21. Leasú ar alt 51 d'Acht 2004
22. Leasú ar alt 26 den Acht um Chlárú Sibhialta (Leasú), 2014
23. Leasú ar an Acht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015
24. Leasú ar an Acht um Inscne a Aithint, 2015

[2015.]

An tAcht um Pósadh, 2015.

[Uimh. 35.]

NA HÁCHTANNA DÁ DTAGRÁITEAR

- An tAcht Féimheachta, 1988 (Uimh. 27)
- An tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015 (Uimh. 9)
- An tAcht um Páirtnéireacht Sibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí, 2010 (Uimh. 24)
- An tAcht um Chlárú Sibhialta (Leasú), 2014 (Uimh. 34)
- An tAcht um Chlárú Sibhialta, 2004 (Uimh. 3)
- An tAcht um Fhianaise Choiriúil, 1992 (Uimh. 12)
- An tAcht um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh), 1996 (Uimh. 33)
- An tAcht um Insce a Aithint, 2015 (Uimh. 25)
- An tAcht um Chaomhnóireacht Naíon, 1964 (Uimh. 7)
- An tAcht um Idirscaradh Breithiúnach agus Athchóiriú an Dlí Teaghlaigh, 1989 (Uimh. 6)
- An tAcht um Stádas Ban Pósta, 1957 (Uimh. 5)
- An tAcht Cóireála Meabhair-Ghalar, 1945 (Uimh. 19)
- An tAcht Comharbais, 1965 (Uimh. 27)



Uimhir 35 de 2015

AN tACHT UM PÓSADH, 2015

[An tiontú oifigiúil]

Acht do leasú an Achta um Chlárú Sibhialta, 2004 chun deireadh a chur leis an mbac ar phósadh idir na páirtithe arb ionann gnéas dóibh; d'aisghairm forálacha áirithe de Chuid 7A den Acht sin a bhaineann le Páirtnéireachtaí Sibhialta a chlárú; do dhéanamh socrú i ndáil le comhlachtaí creidimh; do dhéanamh socrú maidir le haitheantas a thabhairt do phóstaí faoi dhlí áite seachas an Stát; do leasú an Achta Comharbais, 1965, an Achta um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010 agus an Achta um Inscne a Aithint, 2015; do leasú achtacháin eile agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe a bhaineann leis an méid sin.

[29 Deireadh Fómhair 2015]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Gearrtheideal agus tosach feidhme

1. (1) Féadfar an tAcht um Pósadh, 2015 a ghairm den Acht seo.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Coimirce Sóisialaí, le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe, agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

Mínithe

2. San Acht seo—

ciallaíonn “Acht 2004” an tAcht um Chlárú Sibhialta, 2004;

ciallaíonn “Acht 2010” an tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí, 2010;

ciallaíonn “Aire” an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

Caiteachais

3. Déanfar na caiteachais a thabhoíd an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

CUID 2

BAIC AR PHÓSADH

Leasú ar alt 2(2) d’Acht 2004

4. Leasaítear alt 2(2) d’Acht 2004—

(a) trí mhír (e) a scriosadh,

(b) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (f):

“(f) gur páirtí i bpáirtnéireacht shibhialta mharthanach cheana féin duine de na páirtithe sa phósadh nó, seachas i gcás go bhfuil feidhm ag alt 2B, iad araon, nó”,

agus

(c) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (f):

“(g) go mbeadh an pósadh ar neamhní de bhua alt 2A.”.

Céimeanna gaoil toirmiscthe

5. Leasaítear Acht 2004 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 2:

“**2A.** (1) Chun críocha an Achta seo, aon toirmeasc san Acht seo nó in aon achtachán eile nó riail dlí eile maidir le pósadh idir beirt nach ionann gnéas dóibh a eascróidh de bhua gaol fola nó cleamhnais eatarthu, beidh feidhm aige, faoi réir aon mhodhnuithe is gá, maidir le pósadh idir beirt arb ionann gnéas dóibh mar atá feidhm aige maidir le pósadh idir beirt nach ionann gnéas dóibh.

(2) Aon phósadh a airbheartófar a bheith sollúnaithe agus a sháróidh toirmeasc dá dtagraítear i bhfo-alt (1), beidh sé ar neamhní.”.

Ní bheidh aon bhac ar phósadh i gcás páirtnéireacht shibhialta mharthanach a bheith ann le chéile

6. Leasaítear Acht 2004 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 2A (a chuirtear isteach le *halt 5*):

“2B. Ní bheidh bac ar phósadh de bhua gach duine de na páirtithe sa phósadh beartaithe a bheith ina bpáirtithe i bpáirtnéireacht shibhialta mharthanach le chéile.”.

CUID 3

COMHLACHTAÍ CREIDIMH

Comhlachtaí creidimh

7. (1) Ní fhorléireofar aon ní san Acht seo ná in aon achtachán eile mar ní lena geuirtear d’oibleagáid—

- (a) ar chomhlacht creidimh saghas áirithe searmanais pósta a aithint chun críocha alt 51(3)(c) d’Acht 2004, nó
- (b) ar shollúnóir creidimh pósadh a shollúnú de réir saghas searmanais pósta nach bhfuil aitheanta ag an gcomhlacht creidimh ar comhalta de an sollúnóir creidimh.

(2) San alt seo—

folaíonn “saghas searmanais pósta” an saghas sin a mhéid a bhaineann sé le gnéas na bpáirtithe sa searmanas;

tá le “comhlacht creidimh” an bhrí a shanntar dó le halt 45 d’Acht 2004;

ciallaíonn “sollúnóir creidimh” comhalta de chomhlacht creidimh atá cláraithe i gClár na Sollúnóirí a chothabháiltear faoi alt 53 d’Acht 2004.

CUID 4

PÁIRTNÉIREACHT SHIBHIALTA

Aisghairm forálacha áirithe d’Acht 2004 a bhaineann le páirtnéireacht shibhialta

8. Aisghairtear na forálacha seo a leanas d’Acht 2004:

- (a) alt 2(2A);
- (b) alt 59B;
- (c) alt 59C (seachas fo-alt (5));
- (d) alt 59D (seachas fo-ailt (6)(c), (7), (8) agus (9));
- (e) alt 59E;
- (f) alt 59F;
- (g) alt 59G;

(h) alt 59H;

(i) alt 59I.

Leasú ar alt 46(1) d’Acht 2004

9. Leasaítear alt 46(1) d’Acht 2004 tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) (i) go ndéanfaidh na daoine lena mbaineann fógra i scríbhinn a thabhairt d’aon chláráitheoir i bhfoirm a bheidh arna ceadú de thuras na huaire ag an Ard-Chláráitheoir á rá go bhfuil sé ar intinn acu pósadh—

(I) tráth nach luaithe ná 3 mhí roimh an dáta a bheidh an pósadh le sollúnú, nó

(II) tráth ar bith roimh an dáta a bheidh an pósadh le sollúnú i gcás gur páirtithe i bpáirtnéireacht sibhialta mharthanach le chéile iad na páirtithe sa phósadh beartaithe agus gur chomhlíon siad roimhe sin alt 59B(1)(a) i leith na páirtnéireachta sibhialta sin nó gur díolmhaíodh ón gcomhlíonadh sin iad le hordú ón gCúirt Chuarda nó ón Ard-Chúirt faoi alt 59B(2),

nó

(ii) go ndeonófar díolúine ó fheidhm fhomhír (i)(I) faoi alt 47 do na daoine lena mbaineann agus go dtabharfaidh siad cóip den ordú cúirte lena ndeonófar an díolúine d’aon chláráitheoir roimh an dáta a dúradh,”.

Scaoileadh agus idirthréimhseach

10. Leasaítear Acht 2004 tríd an gCuid seo a leanas a chur isteach roimh alt 60:

“Cuid 7C

SCAOILEADH AGUS IDIRTHRÉIMHSEACH

Clárófar scaoileadh páirtnéireachta sibhialta ar phósadh

59K. Más rud é, maidir le páirtnéireacht sibhialta a bheidh cláraithe i gclár na bpáirtnéireachtaí sibhialta, go mbeidh sí arna scaoileadh de bhua alt 109A (a cuireadh isteach le *halt 11* den *Acht um Pósadh, 2015*) d’Acht 2010 ar phósadh beirte a shollúnófar faoi réim agus de réir an Achta seo, taifeadfaidh an cláráitheoir an scaoileadh sin mar shonra sa taifead a bhaineann leis an bpáirtnéireacht sibhialta sin sa chlár sin.

Forálacha idirthréimhseacha de dhroim an Achta um Pósadh, 2015

59L. (1) Ar thosach feidhme *alt 8* den *Acht um Pósadh, 2015*, maidir le fógra á rá go bhfuil ar intinn ag beirt páirtnéireacht sibhialta a dhéanamh arna

thabhairt faoi alt 59B agus a bheidh i bhfeidhm díreach roimh an tosach feidhme sin, féadfaidh cláraitheoir, má iarrann na páirtithe lena mbaineann air nó uirthi, a mheas gur fógra é á rá go bhfuil ar intinn acu pósadh, is fógra arna thabhairt faoi alt 46, agus féadfaidh cláraitheoir déileáil leis amhail is dá mba fhógra den sórt sin é.

- (2) D'ainneoin thosach feidhme *alt 8* den *Acht um Pósadh, 2015*, leanfaidh na forálacha den Acht seo dá dtagraítear san alt sin d'fheidhm a bheidh acu—
- (a) i gcás go mbeidh foirm chlárucháin páirtnéireachta sibhialta comhlánaithe go cuí faoi alt 59C agus go mbeidh an fhoirm sin bailí faoi fho-alt (4) den alt sin díreach roimh an tosach feidhme sin, nó
- (b) i ndáil le clárúchán páirtnéireachta sibhialta ar ina leith a dhéanfar agóid faoi alt 59F, cibé acu roimh an tosach feidhme sin nó ina dhiaidh a dhéanfar an agóid.”.

Páirtnéireacht shibhialta a scaoileadh ar phósadh

11. Leasaítear Acht 2010 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 109:

“**109A.** D'ainneoin aon fhoráil den Chuid seo, beidh páirtnéireacht shibhialta a bheidh ar marthain idir beirt díreach sula bpósfaidh siad ar a chéile arna scaoileadh dáta an phósta sin agus uaidh sin amach.”.

CUID 5

CAIDRIMH CHOIGRÍCHE ÁIRITHE A AITHINT

Póstaí coigríche áirithe a aithint

- 12.** (1) Ní choiscfear pósadh faoi dhlí áite seachas an Stát a aithint mar phósadh mar gheall ar ghnéas na bpáirtithe sa phósadh.
- (2) I gcás go n-aithneofar pósadh faoi dhlí áite seachas an Stát idir beirt arb ionann gnéas dóibh mar phósadh, aithneofar amhlaidh é ón dáta is deireanaí acu seo a leanas—
- (a) dáta thosach feidhme an ailt seo, nó
- (b) dáta an phósta.
- (3) Faoi réir *fho-alt (4)*, ní choiscfear pósadh faoi dhlí áite seachas an Stát idir beirt arb ionann gnéas dóibh a aithint toisc go dtagann sé faoi réim aicme de chaidreamh dlíthiúil ar ina leith a bheidh ordú déanta ag an Aire faoi alt 5 d'Acht 2010.
- (4) Aon phósadh faoi dhlí áite seachas an Stát idir beirt arb ionann gnéas dóibh, a thagann faoi réim aicme de chaidreamh dlíthiúil ar ina leith a bheidh ordú déanta ag an Aire faoi alt 5 d'Acht 2010, ní aithneofar mar phósadh é i gcás, dáta thosach feidhme an ailt seo nó roimhe—
- (a) go mbeidh foraithe scaoilte an chaidrimh dhlíthiúil lena mbaineann deonaithe faoi alt 110 d'Acht 2010, nó

- (b) faoi alt 5(4) d’Acht 2010, gur ghlac scaoileadh an chaidrimh dhlíthiúil, a meastar gur scaoileadh faoi alt 110 den Acht sin é, éifeacht.
- (5) I gcás go n-aithneofar an pósadh faoi dhlí áite seachas an Stát idir beirt arb ionann gnéas dóibh agus go bhfuil cónaí ar an mbeirt lena mbaineann ar leithligh óna chéile, déanfar an tréimhse nó na tréimhsí ar lena linn a bhfuil cónaí orthu ar leithligh óna chéile a ríomh, chun críocha an Achta um Idirscaradh Breithiúnach agus Athchóiriú an Dlí Teaghlaigh, 1989, an Achta um an Dlí Teaghlaigh (Colscaradh), 1996 nó aon achtachán eile, ón dáta (d’ainneoin gur roimh an dáta sin, faoi *fho-alt (2)*, a bheidh an pósadh le haithint) a thosóidh siad ar chónaí ar leithligh óna chéile.
- (6) Leasaítear an Sceideal a ghabhann leis an Ordú um Páirtnéireacht Shibhialta (Caidrimh Choigríche Chláraithe a Aithint), 2010 (I.R. Uimh. 649 de 2010)—
- (a) tríd an aicme de chaidreamh dlíthiúil a shonraítear i gcolún (3) den Sceideal os coinne uimhreacha tagartha 1, 3, 4, 10, 11, 14, 15, 16, 20, 22, 23 agus 27 a shonraítear i gcolún (1) den Sceideal sin a scriosadh, agus
- (b) tríd an gcuid, arb éard í pósadh, den aicme de chaidreamh dlíthiúil a shonraítear i gcolún (3) den Sceideal os coinne uimhreacha tagartha 9, 13, 17, 21, 24 agus 26 a shonraítear i gcolún (1) den Sceideal sin a scriosadh.
- (7) Leasaítear an Sceideal a ghabhann leis an Ordú um Páirtnéireacht Shibhialta (Caidrimh Choigríche Chláraithe a Aithint), 2011 (I.R. Uimh. 642 de 2011) tríd an aicme de chaidreamh dlíthiúil a shonraítear i gcolún (3) den Sceideal os coinne uimhir thagartha 4 a shonraítear i gcolún (1) den Sceideal sin a scriosadh.
- (8) Leasaítear an Sceideal a ghabhann leis an Ordú um Páirtnéireacht Shibhialta (Caidrimh Choigríche Chláraithe a Aithint), 2012 (I.R. Uimh. 505 de 2012) tríd an aicme de chaidreamh dlíthiúil a shonraítear i gcolún (3) den Sceideal os coinne uimhreacha tagartha 1 agus 4 a shonraítear i gcolún (1) den Sceideal sin a scriosadh.
- (9) Leasaítear an Sceideal a ghabhann leis an Ordú um Páirtnéireacht Shibhialta (Caidrimh Choigríche Chláraithe a Aithint), 2013 (I.R. Uimh. 490 de 2013) tríd an aicme de chaidreamh dlíthiúil a shonraítear i gcolún (3) den Sceideal os coinne uimhreacha tagartha 1, 2, 3, 5, 6, 8, 9, 10, 11, 12, 13 agus 14 a shonraítear i gcolún (1) den Sceideal sin a scriosadh.
- (10) Cúlghairtear an tOrdú um Páirtnéireacht Shibhialta (Caidrimh Choigríche Chláraithe a Aithint), 2014 (I.R. Uimh. 212 de 2014).

Póstaí coigríche cláraithe áirithe

13. Leasaítear Acht 2010 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 5:

“**5A.** Ní bheidh feidhm ag alt 5, ná ag aon ordú arna dhéanamh (cibé acu roimh dháta thosach feidhme an ailt seo nó ina dhiaidh) faoi alt 5 maidir le caidreamh dlíthiúil arna dhéanamh ag beirt pháirtithe amhail ar an nó ón dáta a bheidh 6 mhí tar éis thosach feidhme *alt 8* den *Acht um Pósadh, 2015*.”.

CUID 6

LEASUITHE IARMHARTACHA

Leasú ar alt 77(2) den Acht Cóireála Meabhair-Ghalar, 1945

14. Leasaítear alt 77(2) den Acht Cóireála Meabhair-Ghalar, 1945 trí “céile” a chur in ionad “fir chéile”.

Leasú ar an Acht um Stádas Ban Pósta, 1957

15. Leasaítear an tAcht um Stádas Ban Pósta, 1957—

- (a) in alt 2(2), trí “céile” a chur in ionad “fearchéile”,
- (b) in alt 4, trí “Beidh céilí dá chéile” a chur in ionad “Beidh fearchéile agus banchéile”,
- (c) in alt 9—
 - (i) i bhfo-alt (1), trí “céile” a chur in ionad “fearchéile”, agus
 - (ii) i bhfo-alt (2), trí—
 - (I) “in aghaidh a chéile” a chur in ionad “in aghaidh a banchéile”, agus
 - (II) “dá mbeadh sé gan bheith pósta” a chur in ionad “dá mba nárbh í a banchéile í”,
- (d) tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 18:

“Bronntanais mar chalaiois ar chreidiúnaithe

18. Ní dhéanfar aon ní san Acht seo a fhorléiriú mar ní a bhéarfaidh gur bailí, amhail i gcoinne creidiúnaithe céile (dá ngairtear an ‘céile céadluaite’ san alt seo), d’aon bhronntanas maoiné ón gcéile céadluaite dá chéile nó dá céile, is maoin a leanfaidh, tar éis an bronntanas sin a thabhairt amhlaidh, de bheith ar a ordú nó ar a hordú nó ar dhiúscairt nó ar a úinéireacht ainm nó ar a húnéireacht ainm ag an gcéile céadluaite ná d’aon taisceadh nó infheistíocht eile airgid de chuid an chéile céadluaite sin a rinne a chéile nó a céile nó a rinneadh in ainm an chéile sin mar chalaiois ar chreidiúnaithe an chéile céadluaite, agus féadfar aon airgead den sórt sin a taisceadh nó a infheistíodh amhlaidh a leanúint amhail is nár ritheadh an tAcht seo.”.

Leasú ar an Acht um Chaomhnóireacht Naíon, 1964

16. Leasaítear an tAcht um Chaomhnóireacht Naíon, 1964—

- (a) in alt 6—
 - (i) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Beidh na daoine seo a leanas ina gcaomhnóirí i gcomhpháirt ar leanbh:

(a) athair agus máthair an linbh, nó

(b) i gcás go ndearna lánúin phósta arb ionann gnéas dóibh leanbh a uchtáil faoi ordú uchtála, gach duine den lánúin phósta.”,

agus

(ii) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3A) (a cuireadh isteach le halt 47 den Acht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015):

“(3B) Ar chéile a bhfuil leanbh uchtaithe i gcomhpháirt aige nó aici lena chéile nó lena céile, arb ionann gnéas dóibh, d’fháil bháis, beidh an céile eile, má mhaireann sé nó sí, ina chaomhnóir nó ina caomhnóir ar an leanbh, ina aonar nó ina haonar nó i gcomhpháirt le haon chaomhnóir a bheidh ceaptha ag an gcéile éagtha nó ag an gcúirt.”,

agus

(b) in alt 6B(1) (a cuireadh isteach le halt 49 den Acht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015), trí “Aon duine” a chur in ionad “Aon fhear”.

Leasú ar alt 85 den Acht Comharbais, 1965

17. Leasaítear alt 85 den Acht Comharbais, 1965 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) D’ainneoin fho-alt (1), maidir leis na páirtithe i bpáirtnéireacht shibhialta mharthanach le chéile, i gcás go bpósfaidh siad a chéile, ní dhéanfar uacht arna déanamh in oirchill an pháirtnéireacht shibhialta a dhéanamh nó le linn na páirtnéireachta sibhialta ag tiomnóir is páirtí sa phósadh a chúlghairm leis an bpósadh sin agus forléireofar tagairt san uacht do pháirtnéir sibhialta an tiomnóra mar thagairt do chéile an tiomnóra.”.

Leasú ar an gCéad Sceideal a ghabhann leis an Acht Féimheachta, 1988

18. Leasaítear an Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht Féimheachta, 1988 tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír 11:

“11. Féadfaidh duine fiach a chruthú i gcoinne a chéile nó a céile amhail is nach mbeidís pósta.”.

Leasú ar alt 8(2) den Acht um Idirscaradh Breithiúnach agus Athchóiriú an Dlí Teaghlaigh, 1989

19. Leasaítear alt 8(2) den Acht um Idirscaradh Breithiúnach agus Athchóiriú an Dlí Teaghlaigh, 1989 trí “mar chéilí dá chéile” a chur in ionad “mar fhearchéile agus banchéile”.

Leasú ar alt 25 den Acht um Fhianaise Choiriúil, 1992

20. Leasaítear alt 25 den Acht um Fhianaise Choiriúil, 1992 trí “(is céilí dá chéile nó do dhaoine ba chéilí dá chéile tráth)” a chur in ionad “(is fearchéile agus banchéile nó daoine ba fhearchéile agus banchéile tráth)”.

Leasú ar alt 51 d’Acht 2004

21. Leasaítear alt 51 d’Acht 2004—

(a) i bhfo-alt (4)(b)—

(i) trí “dearbhu ó gach duine de na páirtithe sa phósadh” a chur in ionad “dearbhu ó na páirtithe sa phósadh”, agus

(ii) trí “á rá go nglacann gach duine acu leis an duine eile mar fhearchéile, mar bhanchéile nó mar chéile, de réir mar a bheidh” a chur in ionad “á rá go nglacann gach duine acu lena chéile mar fhearchéile agus banchéile”,

agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (7)—

“(7) Measfar na páirtithe i bpósadh a shollúnófar de réir an Achta seo a bheith pósta ar a chéile nuair a bheidh dearbhú déanta ag gach duine acu i láthair an duine eile, an tsollúnóra chláráithe agus na beirte finnéithe go nglacann gach duine acu leis an duine eile mar fhearchéile, mar bhanchéile nó mar chéile, de réir mar a bheidh.”.

Leasú ar alt 26 den Acht um Chlárú Sibhialta (Leasú), 2014

22. Leasaítear alt 26 den Acht um Chlárú Sibhialta (Leasú), 2014 trí “tríd an alt seo a leanas a chur isteach roimh Chuid 7B” a chur in ionad “tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 59I”.

Leasú ar an Acht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015

23. Leasaítear an tAcht um Leanaí agus Cóngais Teaghlaigh, 2015—

(a) trí “céile” a chur in ionad “fearchéile” i bhfo-alt (1)(b) agus i míreanna (a) agus (b) d’fho-alt (8) d’alt 5,

(b) trí “céile” a chur in ionad “fearchéile” in alt 9(3)(d),

(c) trí “céile” a chur in ionad “fearchéile” i bhfo-ailt (1) agus (3)(a) d’alt 11,

(d) trí “a céile” a chur in ionad “a fearchéile”, trí “an chéile” a chur in ionad “an fhearchéile”, agus trí “ag an gcéile” a chur in ionad “ag an bhfearchéile” i mír (b)(ii) d’alt 25(3), agus

(e) trí “céile” a chur in ionad “fearchéile” in alt 27(5)(e).

Leasú ar an Acht um Inscne a Aithint, 2015**24.** Leasaítear an tAcht um Inscne a Aithint, 2015—

- (a) in alt 2, tríd an míniú ar “páirtneir sibhialta” a scriosadh,
- (b) in alt 9, trí fho-alt (2)(b) a scriosadh,
- (c) in alt 10, trí fho-alt (1)(f)(i) a scriosadh,
- (d) in alt 11, trí fho-alt (2)(a)(ii) a scriosadh,
- (e) in alt 15(8)—
 - (i) i mír (b), trí “agus” a chur isteach i ndiaidh “a chúlghairm,”
 - (ii) trí mhír (c) a scriosadh, agus
 - (iii) trí mhír (d)(ii)(I) a scriosadh,agus
- (f) in alt 18—
 - (i) trí fho-alt (3) a scriosadh, agus
 - (ii) trí fho-alt (8) a scriosadh.